2025/2394

5.12.2025

CINNEADH (EU) 2025/2394ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Samhain 2025

maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán maidir le hUathmhalartú Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i gCúrsaí Cánach arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 115, i dteannta le h Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán maidir le hUathmhalartú Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i Réimse an Chánachais arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([2]) ('an Comhaontú'), cuireadh feabhas ar an gcúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánach idir na Páirtithe Conarthacha agus ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta.

(2) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022 agus rinneadh iad a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin Threoir 2011/16/AE ón gComhairle le Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle ([3]), lenar leasaíodh Treoir 2011/16/AE ón gComhairle ([4]).

(3) Dá bhrí sin, is gá an Comhaontú a leasú chun a áirithiú go ndéanfar an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir Ballstáit agus Prionsacht Mhonacó a ailíniú leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe a tugadh cothrom le dáta ón 1 Eanáir 2026, agus go leanfar den uathmhalartú sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhchaighdeán sin.

(4) Téacs an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán maidir le hUathmhalartú Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i Réimse an Chánachais arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ('an Prótacal Leasaitheach'), atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, is léiriú ciú é ar na treoracha chaibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/2125 ón gComhairle ([5]) , síníodh an Prótacal Leasaitheach an 13 Deireadh Fómhair 2025, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(6) Ba cheart an Prótacal Leasaitheach agus na Dearbhuithe Comhpháirteacha atá i gceangal leis a fhormheas thar ceann an Aontais.

([1]) Tuairim an 13 Samhain 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) IO L 19, 21.1.2005, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2005/44(1)/oj.
([3]) Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L, 2023/2226, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2226/oj).
([4]) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/16/oj).
([5]) Cinneadh (AE) 2025/2125 an 10 Deireadh Fómhair 2025 ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán maidir le hUathmhalartú Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i gCúrsaí Cánach arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) (IO L, 2025/2125, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2125/oj).

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán maidir le hUathmhalartú Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i gCúrsaí Cánach arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([7]).

Airteagal 2

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an gComhaontú agus na hIarscríbhinní, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le hAirteagal 5 den Chomhaontú agus Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Phrótacail Leasaithigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha ([8]).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([7]) Foilsítear téacs an Phrótacail Leasaithigh in IO L, 2025/2393. 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2025/2393/oj.

([8]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.